

Pleananna Teagaisc & Foghlama


Plean 3: Trialacha Féaráilte le Dhá Dhísle

Siollabas na hArdteistiméireachta



Foireann Forbartha

Seo an struchtúr atá ar na Pleananna Teagaisc & Foghlama:



Aidhmeanna: leagann siad amach na rudaí a mbeifí ag súil leo i gceacht nó i sraith ceachtanna.

Réamheolas: díríonn sé ar an eolas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ag na daltaí cheana féin agus ar an eolas a theastóidh uathu chun cuidiú leo san ábhar nua.

Torthaí Foghlama: leagann siad amach na rudaí seo: na rudaí a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, na rudaí a mbeidh eolas acu orthu, agus na rudaí a thuigfidh siad ag deireadh na topaice.

An Gaol leis an Siollabas: tagraíonn sé don mhír ábhartha ó Shiollabas an Teastais Shóisearaigh agus/nó ó Shiollabas na hArdteistiméireachta.

Acmhainní riachtanacha: tá liosta ann de na hacmhainní a bheidh riachtanach i múineadh agus i bhfoghlaim topaice áirithe.

Cur i Láthair an Ábhair (níl sé ach i roinnt pleananna): leagann sé amach cur chuige faoi conas topaic nua a chur i láthair.

Idirghníomhaíocht Ceachta: tá sí leagtha amach faoi ceithre fhó-cheannteideal:

- i. **Tascanna Foghlama Daltaí – Ionchur an Mhúinteora:** Díríonn an chuid seo ar ionchur an mhúinteora agus tugann sí sonraí faoi phríomhthascanna na ndaltaí agus faoi cheisteanna an mhúinteora a bhogann an ceacht ar aghaidh.
- ii. **Gníomhaíochtaí Daltaí – Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo:** tugann an chuid seo sonraí ar fhreagraí a d'fhéadfadh daltaí a thabhairt agus ar mhíthuisintí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí.
- iii. **Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora:** tugann an chuid seo sonraí faoi ghníomhartha múinteoirí agus dearadh í chun tacaíocht agus struchtúr a thabhairt d'fhoghlaim daltaí.
- iv. **Triail tuisceana:** molann an chuid seo ceisteanna a d'fhéadfadh múinteoir a fhiafraí chun meas a dhéanamh ar cé acu atá na spriocanna/torthaí foghlama á mbaint amach. Úsáidfean an measúnú seo chun treo a thabhairt do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san ranganna a bheidh ag na daltaí ina dhiaidh sin.

Gníomhaíochtaí Daltaí: ag deireadh gach plean, tá gníomhaíochtaí daltaí ann agus tá siad nasctha leis an gceacht.

Teagasc & Foghlaim Plean 3: Trialacha Cothroma le Dhá Dhísle

Spriocanna

- A fhoghlaim nach bhfuil gach toradh chomh dóchúil
- Féachaint ar shraith rialacha ar leith agus ar na fothorthaí a thugann ‘bua’ d’imreoir amháin as beirt agus a bheith in ann a chinneadh cé acu atá an cluiche ‘féaráilte’ nó nach bhfuil, i.e., an bhfuil an seans céanna ag an mbeirt an bua a bheith acu
- Féachaint ar dhóchúlacht theoriciúil gach toraidh agus sraith rialacha a chumadh a dhéanfaidh an cluiche ‘féaráilte’

Réamheolas


Ba chóir go mbeadh réamheolas ag daltaí (ó T&F: Plean 1 agus/nó ón mbunscoil) ar roinnt téarmaí a bhaineann leis an seans agus leis an neamhchinnteacht. Ba chóir go mbeadh siad ar an eolas faoi dhóchúlacht a léirítear mar chodán nó mar dheachúil sa raon 0 go 1, nó mar chéatadán sa raon 0% go 100%.

Torthaí Foghlama

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an ábhar sin, beidh daltaí in ann

- tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar an gciall atá le “féaráilte” i gcluiche le 2 dhísle
- liosta a dhéanamh de na fothorthaí go léir a d’fhéadfadh a bheith ar 2 dhísle a chaitheamh trí úsáid a bhaint as tábla dhá bhealach
- líon na bhfothorthaí a cheangal le bunphrionsabal an chomhairimh
- rialacha le haghaidh cluiche a chumadh a dhéanfaidh an cluiche sin féaráilte/neamhfhearáilte
- tábla dóchúlachta a leagan síos
- an cóimheas idir teagmhas agus a chomhlánú a thuiscint
- Úsáid a bhaint as torthaí turgnaimh chun dóchúlacht teagmhais a chinneadh agus úsáid a bhaint as an eolas seo chun toradh ath-thriail turgnaimh a thuar, le haghaidh fothorthaí comhdhóchúla

An Gaol le Siollabas an Teastais Shóisearaigh



Fo-ábhair	Bunleibhéal	Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
1.1 Comhaireamh	Liostaigh fothorthaí turgnaimh. Cuir bunphrionsabal an chomhairimh i bhfeidhm.	Comhairigh na hiomalartaithe ar rudaí éagsúla.	
1.2 Coincheapa na dóchúlachta	Aithin gur tomhas í an dóchúlacht, ar raon 0-1, ar cé chomh dóchúil atá sé go dtarlóidh teagmhas.	Aithin an ról atá ag luach a mbeifí ag súil leis i ndéanamh cinntí le fócas ar chluichí féarálte.	Cuir le tuiscint na ndaltaí ar bhunrialacha na dóchúlachta.
Dóchúlacht scoite (mar mhinicíocht choibhneasta)	Dóchúlacht na bhfothorthaí a bhíonn ag teastáil i bhfadhbanna a bhfuil baint acu le turgnaimh, M.Sh., díse a chaitheamh		
1.3 Fothorthaí na bPróiseas Randamach	Cuir an prionsabal seo i bhfeidhm i gcás fothorthaí comhdhóchúla: chun an dóchúlacht a fháil roinn líon na bhfothorthaí a bhfuil speis agat iontu ar líon iomlán na bhfothorthaí.		

Acmhainní Riachtanacha

Áiritheoirí, 2 dhísle agus Bileog Cluiche do gach beirt daltaí

Idirghníomhaíocht Ceachta			
Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
<p>» I ngach grúpa de bhéirt, tá imreoir A agus imreoir B ann. Glacann imreoirí A agus B a seal chun an dísle a chaitheamh, is í suim na n-uimhreacha ar aghaidheanna an dísle a shocraíonn an t-imreoir a bhuann mar seo:</p> <p>» Caitheann daltaí A agus B an dísle gach ré-seal, suimíonn siad na scóir ar gach dísle gach uair chun an fothoradh a fháil. Cuireann siad áiritheoir ar gach fothoradh.</p> <p>» Bíonn an bua ag A más iad 2, 3, 4, 10, 11 nó 12 an tsuim (i.e. fothoradh).</p> <p>» Bíonn an bua ag B más iad 5, 6, 7, 8, 9 an tsuim (i.e. fothoradh). Imir an cluiche ar Bileog Cluiche 1.</p>		<p>» Scaip Gníomhaíocht Daltaí 1 le go mbeidh daltaí in ann a réamhthuartha (Gníomhaíocht Daltaí 1A) a scríobh síos ann agus cuntas a choinneáil ar cé chomh minic is a bhíonn an bua ag gach imreoir (Gníomhaíocht Daltaí 1B).</p> <p>» Tabhair áiritheoirí, Bileog Cluiche 1, agus dísle do gach beirt, agus seiceáil go bhfuil réamhthuar scríofa ag na daltaí agus na cúiseanna leis an réamhthuar.</p>	<p>» An bhféadfadh na daltaí an cheád torthaí s'acu a scríobh ina gcóipleabhair?</p>
<p>» Déan machnamh air seo ar feadh cúpla nóiméad agus scríobh síos cén t-imreoir, i do thuairimse, is mó a mbeidh an bua aige má imrítear an cluiche go minic agus cén fáth a gceapann tú é sin?</p>	<p>» Ós rud é go bhfuil 11 uimhir liostaithe, agus ós rud é gur féidir le A 6 cinn díobh seo a bhuachan agus nach féidir le B ach 5 cinn díobh a bhuachan, seans go gceapfaidh daltaí gur dóchúla go mbeidh an bua ag A seachas B.</p>	<p>» Iarr ar dhaltaí a lámha a chur in airde faoi cé a cheapann go mbeidh an bua ag A agus faoi cé a cheapann go mbeidh an bua ag B.</p>	

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
» Imrítear an cluiche go dtí go mbeidh duine amháin ag bun na heangaí ar Bileog Cluiche 1 agus comhaireann na daltaí cé mhéad uair a bhuaigh A agus cé mhéad uair a bhuaigh B agus líonann an Máistirbhileog ar an gclár chomh maith.	» Ba chóir go bhfaigheadh na daltaí amach nach mbíonn an bua ag A ach thart ar $\frac{1}{3}$ den am.	» Seiceáil go dtuigeann gach beirt cad atá ar siúl acu agus abair anois is arís “lámha in airde cé mhéad A atá ag buachan?” agus “cé mhéad B atá ag buachan?” le go bhfeicfidh daltaí treocht fhoriomlán. » Cuir Máistirbhileog 1 (torthaí ón rang iomlán) ar an gclár bán.	» An raibh daltaí in ann an cluiche a stiúradh go maith agus ar thug siad faoi deara gur bhuaigh B níos minice? » Cé mhéad dalta sa rang a bhí in ann tuartha cruinne a dhéanamh agus cúiseanna bailí leo? » Ar cheap siad go raibh sé neamhféaráilte?
» Nuair a bheidh tú críochnaithe, líon Gníomhaíocht Daltaí 1B , agus líon do thorthaí ar Máistirbhileog 1 (torthaí ón rang iomlán) ar an gclár.	» Seiceálann daltaí é sin i gcomparáid lena gcuid tuartha. Déanann siad anailís ar na difríochtaí más ann dóibh agus líonann siad Gníomhaíocht Daltaí 1C . » Tá an mhinicíocht choibhneasta níos gaire do $\frac{1}{3}$ anois.	» Agus tú ag siúl thart cuir na tuartha i gcomparáid le fothorthaí an turgnaimh agus fiafraigh de dhaltaí cén fáth ar cheap siad amhlaidh.	
» Cad í an uimhir ar gach dísle nach fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann?	• Ní fhéadfadh '1' a bheith ina thoradh mar is é 2 an tsuim is lú a d'fhéadfadh a bheith ann.		
» An mbreathnaíonn an cluiche seo féaráilte?	• Ní bhreathnaíonn. Bheadh sé féaráilte dá mbeadh an seans céanna ag A agus ag B an bua a bheith acu. D'uireasa sin tá sé neamhféaráilte.	» Tabhair nóiméad do na daltaí le smaoineamh air agus cuir ceist ar dhalta amháin ansin.	

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
» Cén fáth nach bhfuil sé féaráilte?	<ul style="list-style-type: none"> B'fhéidir go ndéarfadh daltaí nach féidir 2 a fháil ach ar bhealach amháin (1+1) ach gur féidir 9 a fháil mar shampla ó (3+6), (4+5). Níl gach fothoradh chomh dóchúil céanna. 	» Tabhair nóiméad do na daltaí le smaoineamh air agus cuir ceist ar dhalta amháin ansin.	» An dtuigeann daltaí an chiall ata leis an bhfocal féaráilte?
» An ionann an fothoradh 4+5 agus an fothoradh 5+4?	• Níl, mar tá 4 ar dhísle 1 an chéad uair agus tá sé ar dhísle 2 an dara huair.	» Tabhair nóiméad do na daltaí le smaoineamh air agus cuir ceist ar dhalta amháin ansin.	
» Cé mhéad bealach a bhféadfaí an toradh 9 a fháil?	<ul style="list-style-type: none"> 4+5 5+4 3+6 6+3 	» Tabhair nóiméad do na daltaí le smaoineamh air agus cuir ceist ar dhalta amháin ansin.	
<p>» An mbeifea in ann tábla a dhearadh a léireodh gach fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann?</p> <p>» Glaoitear an 'Spás Samplach' ar shraith de na fothorthaí ar fad a d'fhéadfadh a bheith ann.</p> <p>» Bain triail as ar feadh tamaill.</p>	» Is dócha go smaoineoidh roinnt daltaí ar an tábla dhá bhealach agus go dtaispeánfaidh siad é don rang.	» Téigh thart ar an rang ag breathnú ar mholtaí na ndaltaí agus tabhair leideanna a thabharfaidh cúnaimh dóibh. Agus tábla oiriúnach faighte iarr ar dhaltaí é a thaispeáint agus a mhíniú don rang. D'fhéadfadh go mbeadh cabhair ag teastáil ó dhaltaí chun an tábla a dhearadh.	» Cé mhéad dalta a smaoineadh ar thábla oiriúnach?
» Líonann gach duine isteach an tábla dhá bhealach don spás samplach don tsuim a fuarthas trí dhá dhísle a chaitheamh (Gníomhaíocht daltaí 2A).	» Líonfaidh na daltaí an tábla de réir an tsampla i Gníomhaíocht Daltaí 2A .	<p>» Scaip Gníomhaíocht Daltaí 2.</p> <p>» Téigh thart ar an rang féachaint an dtuigeann na daltaí conas é a líonadh.</p>	» An bhfuil gach dalta in ann an tábla a líonadh i gceart agus go tuisceanach?

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
» Cé mhéad fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann? Gníomhaíocht Daltaí 2B.	<ul style="list-style-type: none"> • 36 	» Téigh thart ar an rang agus breathnaigh ar na freagraí á líonadh isteach agus cuir ceisteanna nuair is gá.	
» An féidir leat é sin a cheangal le bhunphrionsabal an chomhairimh i gceacht roimhe seo?	<ul style="list-style-type: none"> • Má bhíonn 6 fhothoradh dhifriúla ó dhísle 1, agus 6 fhothoradh dhifriúla ó dhísle 2, is é $6 \times 6 = 36$ líon iomlán na bhfothorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. 	» Cuir an cheist agus fan go dtabharfaidh duine éigin freagra ort. Más é an duine céanna é a bhíonn ag freagairt i gcónaí fiafraigh de dhalta eile agus treoraigh iad i dtreo an fhreagra mura mbeidh sé ar eolas acu, trí thagairt a dhéanamh do shampla a rinne siad nuair a d'fhoghlaim siad bunphrionsabal an chomhairimh.	» An raibh daltaí in ann smaoineamh ar bhunphrionsabal an chomhairimh agus úsáid a bhaint as?
» Ag dul ar ais chuig rialacha an chluiche, cé mhéad fothoradh a theastóidh ó A chun an cluiche a bhuachan agus cé mhéad toradh a theastóidh ó B chun an cluiche a bhuachan? Gníomhaíocht Daltaí 2C.	<ul style="list-style-type: none"> • Má bhíonn 12 fothoradh as 36 ag A beidh an bua aige ach má bhíonn 24 fothoradh ag B beidh an bua aige. 		
» Gabh ar ais chuig do thuar arís, Gníomhaíocht Daltaí 1C , agus mura raibh sé ag teacht leis an bhfothoradh scríobh síos cén fáth a raibh sé difriúil.	» Cuireann daltaí a míthuiscintí in iúl.	» Téigh thart ar an rang agus tabhair míthuiscintí faoi deara, agus fiafraigh de roinnt daltaí a cheap go mbuafadh A cén fáth ar cheap siad é sin agus cén fáth a gceapann siad a mhalairt anois.	» I gcásanna nach raibh a dtuartha ceart, ar thuig daltaí cén fáth nach raibh siad ceart?

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
<p>» Scríobh síos rialacha nua don chluiche, Gníomhaíocht Daltaí 2D, a dhéanfaidh níos cothroime é agus mínigh cén fáth go bhfuil sé cothrom anois.</p> <p>» An féidir níos mó ná sraith amháin rialacha a bheith i gceist?</p>	<p>» Cuireann grúpaí difriúla a rialacha nua i láthair chun aontú an ranga a fháil.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Mar shampla beidh an bua ag Imreoir A más iad 2, 3, 4, 5, 8 nó 10 an fothoradh agus ag B más iad 6, 7, 9, 11 nó 12 an fothoradh. 	<p>» Téigh timpeall an ranga agus nuair a bheidh grúpaí críochnaithe iarr ar ghrúpa nó dhó a rialacha nua a mhíniú.</p>	<p>» An bhfuil daltaí in ann níos mó ná sraith rialacha amháin a chruthú a comhlíonfaidh na critéir le haghaidh cluiche féaráilte?</p>
<p>» An cur chuige i bPlean Teagaisc & Foghlama 2, agus thuas i nGníomhaíocht Daltaí 1B, is é seo an cur chuige 'turgnamhach' nó 'eimireach' chun dóchúlachtaí a ríomh. Sa chás seo, is ionann dóchúlacht teagmhais agus an luach lena ndruidheann an mhinicíocht choibhneasta i líon trialacha gan teorainn.</p> <p>» Sa chur chuige teoiriciúil, nuair a chaitear díse, d'fhéadfadh 6 fhothoradh a bheith ann atá chomh dóchúil céanna de bharr shiméadracht an díse. Toisc gur díse féaráilte atá ann (i.e.nach bhfuil sé laofa) níl aon chúis a cheapadh go dtiocfaidh uimhir amháin aníos níos minice ná uimhir eile. Is fothoradh amháin é A2 den 6 fhothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann, mar sin is 1 as 6 an dóchúlacht go dtiocfaidh sé aníos.</p>			

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
» Cad é an gaol atá idir an cur chuige turgnamhach chun an dóchúlacht a ríomh agus an cur chuige teoriciúil?	<ul style="list-style-type: none"> De réir mar a mhéadaíonn líon na dtrialacha éiríonn an mhinicíocht choibh- neasta beagnach cothrom leis an dóchúlacht teoriciúil. 	» Iarr ar dhaltaí cuimhneamh air agus ansin cuir ceist ar dhuine amháin.	» An bhfuil daltaí in ann cuimhneamh conas an dóchúlacht a ríomh le haghaidh fothorthaí atá chomh dóchúil?
» Conas a ríomháimid dóchúlacht teoriciúil gach fothoraidh sa spás samplach seo?	<ul style="list-style-type: none"> Roinnimid an líon uaireanta a tharlaíonn sé ar líon iomlán na bhfothorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. 		
» Cad í an bhunteoiric a bhfuilimid ag glacadh léi anseo?	<ul style="list-style-type: none"> Go bhfuil gach fothoradh chomh dóchúil céanna. 		
» An bhfuil gach ceann de na 36 fothoradh chomh dóchúil céanna anseo?	<ul style="list-style-type: none"> Tá. 		
» Déan tábla dóchúlachta (Gníomhaíocht Daltaí 3) do shuim dá dhísle ag baint úsáide as Gníomhaíocht Daltaí 2A .		» Siúil thart ag breathnú ar na daltaí agus iad ag líonadh isteach tábla na dóchúlachta.	» Ar líon na daltaí an tábla i gceart?
» Ag glacadh leis go bhfuil an dá dhísle féaráilte, agus go bhfuil gach ceann de na 36 fothoradh chomh dóchúil céanna cad í an dóchúlacht gurb ionann an tsuim agus 5?	<ul style="list-style-type: none"> Ag úsáid an tábla dhá bhealach (Gníomhaíocht Daltaí 2A) a thaispeánann an spás samplach a rinneadh don chluiche, tá 4 fothoradh do 5, mar sin is é $4/36$ an dóchúlacht go bhfaighfear 5. 		
» Cad í suim na ndóchúlachtaí don spás samplach?	<ul style="list-style-type: none"> 1 	» Fiafraigh de dhaltaí an cuimhin leo gur tharla sé sin sa cheacht deiridh le fothorthaí ó 1 dhísle.	» An bhfuair gach dalta 1?

Plean Teagaisc & Foghlama 3: Trialacha Féaráilte le Dhá Dhísle

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
<p>» Más é $2/36$ an dóchúlacht go bhfaighfear 3, cad í an dóchúlacht nach bhfaighfear 3 gan na dóchúlachtaí eile a shuimiú? Scríobh síos an freagra.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $1-2/36 = 34/36$ 	<p>» Mura mbeidh dalta in ann an freagra a fháil gan na dóchúlachtaí eile a shuimiú, abair leo é sin a dhéanamh i dtosach agus féach an mbeidh siad in ann teacht ar an mbealach eile ansin trí na freagraí a scrúdú.</p>	<p>» Cé mhéad dalta a fuair an freagra gan na dóchúlachtaí eile a shuimiú?</p>
<p>» Ag dul ar ais chuig bunrialacha an chluiche cad í an dóchúlacht go mbeidh an bua ag A?</p> <p>» Líon isteach an freagra ar Gníomhaíocht Daltaí 3.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $12/36=1/3$ 	<p>» I gcás daltaí a mbeidh deacrachtaí acu: abair leo comhaireamh a dhéanamh ar an líon bhfothorthaí a thabharfaidh bua do A agus ar cé mhéad fothoradh ar fad atá ann.</p>	
<p>» Úsáid an dóchúlacht go mbeidh an bua ag A chun an dóchúlacht go mbeidh an bua ag B a ríomh, gan iad a shuimiú le chéile.</p> <p>» Líon isteach an freagra ar Gníomhaíocht Daltaí 3.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $1-1/3=2/3$ 	<p>» Mura mbeidh dalta in ann an freagra a fháil gan na dóchúlachtaí eile a shuimiú, abair leo é sin a dhéanamh i dtosach agus féach an mbeidh siad in ann teacht ar an mbealach eile ansin trí na freagraí a scrúdú.</p>	<p>» An dtuigeann daltaí an gaol idir teagmhas agus comhlánú teagmhais?</p>
<p>» Cuir é seo i gcomparáid leis an toradh turgnamhach do mhinicíocht choibhneasta.</p> <p>» Líon isteach an freagra ar Gníomhaíocht Daltaí 3.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Bíonn siad an-ghar dá chéile agus éiríonn an mhinicíocht choibhneasta níos gaire don dóchúlacht teoriciúil de réir mar a mhéadaíonn líon na gcluichí. 	<p>» Téigh thart ar an rang agus féach an bhfuil Gníomhaíocht Daltaí 3 á chríochnú, agus cuir ceistanna ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu.</p>	<p>» An bhfeiceann na daltaí go ndruidéann na torthaí turgnamhacha le luachanna teoriciúla na dóchúlachta de réir mar a mhéadaíonn líon na gcluichí?</p>

Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo	Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora	Triail Tuisceana
<p>» Más é $6/36 = 1/6$ an dóchúlacht go dtarlóidh suim de 7, cé mhéad 7 a mbeifeá ag súil leis dá gcaithfeá an dísle 100 uair?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $100 \times 1/6$ i.e. thart ar 17 ($1/6$ den am bíonn tú ag súil le 7). 	<p>» Leag béim ar an bpointe go bhfuil tú ag oibriú le fothorthaí atá chomh dóchúil céanna.</p>	<p>» An bhfuil daltaí in ann luach a ríomh I gcás líon mór trialacha?</p>
<p>Machnamh</p> <p>» Scríobh síos 3 rud a d'fhoghlaim tú faoi dhóchúlacht inniu.</p> <p>» Scríobh síos aon rud a raibh deacracht agat leis.</p> <p>» Scríobh síos aon cheist atá agat.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Conas: <ol style="list-style-type: none"> 1. liostú a dhéanamh ar gach fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann ó 2 dhísle a chaitheamh 2. an liosta de gach fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann a úsáid chun féaráilteacht a mheas. 3. tábla dóchúlachta a dhéanamh 4. comhlánú teagmhais a ríomh 5. ríomh a dhéanamh ar an luach a mbeifí ag súil leis ó líon mór trialacha. 	<p>» Téigh timpeall an ranga agus tabhair faoi deara aon cheist a bheidh ag daltaí agus cabhraigh leo an freagra a fháil.</p>	<p>» Ar fhoghlaim daltaí agus ar thuig siad na rudaí sin?</p> <p>» An bhfuil siad ag úsáid na téarmaíochta go tuisceanach agus an bhfuil siad ag úsáid na dtéarmaí agus iad ag labhairt le chéile?</p>

Bileog Cluiche 1

	Bua ag A	Bua ag A	Bua ag A	Bua ag B	Bua ag B	Bua ag B	Bua ag B	Bua ag B	Bua ag A	Bua ag A	Bua ag A
1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Gníomhaíocht Daltaí 1

Gníomhaíocht Daltaí 1A

Tuar

Is minice a bheidh an bua ag Imreoir _____ mar:

Gníomhaíocht Daltaí 1B

Imir an cluiche agus Scríobh na torthaí thíos:

	Úsáid marcanna scóir le cabhrú leat an Scór a choinneáil	Iomlán (Minicíocht)	Minicíocht Choibhneasta (líon iomlán na mbuanna/líon iomlán na gcluichí)
Bua ag Imreoir A			
Bua ag Imreoir B			
Iomlán			

Gníomhaíocht Daltaí 1C

Ar tháinig do thorthaí tuartha leis na torthaí a fuair tú?

Máistirbhileog 1

(Torthaí ón Rang Iomlán)

Imir an cluiche agus scríobh na torthaí thíos:

	Úsáid marcanna scóir le cabhrú leat an Scór a choinneáil	Iomlán (Minicíocht)	Minicíocht Choibhneasta (líon iomlán na mbuanna/líon iomlán na gcluichí)
Bua ag Imreoir A	2+3+...		
Bua ag Imreoir B			
Iomlán			

Gníomhaíocht Daltaí 2

Gníomhaíocht Daltaí 2A

Críochnaigh an tábla ag léiriú na bhfothorthaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Tábla dhá bhealach ag taispeáint an spáis shamplaigh.

An uimhir a chaitear	1	2	3	4	5	6
1	$1+1=2$					
2						
3						
4						
5		$5+2=7$				
6						

Gníomhaíocht Daltaí 2B

Cé mhéad fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann? _____

Gníomhaíocht Daltaí 2C

Bunrialacha: Bíonn an bua ag Imreoir A nuair is iad 2, 3, 4, 10, 11 nó 12 an tsuim.

Bíonn an bua ag Imreoir B nuair is iad 5, 6, 7, 8 nó 9 an tsuim.

Cé mhéad fothoradh a bhuafaidh imreoir A? _____

Cé mhéad fothoradh a bhuafaidh imreoir B? _____

Gníomhaíocht Daltaí 2D

Rialacha Nua: Bíonn an bua ag Imreoir A nuair is é _____ an tsuim.

Bíonn an bua ag Imreoir B nuair is é _____ an tsuim.

Roghnaigh mé na rialacha seo mar:

Gníomhaíocht Daltaí 3

Suim	Minicíocht	Dóchúlacht $= \frac{\text{líon na bhfothorthaí sa teagmhas}}{\text{líon na bhfothorthaí sa teagmhas samplach}}$
2	1	$\frac{1}{36}$
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		
11		
12		